
# Éire na hOighearaoise
# Iontaisí iontacha!

## Cad a tharla don Bhéar Donn Éireannach?

**Seo an chuma atá ar an ngaol beo is cóngaraí don Bhéar Donn Éireannach sa lá atá inniu ann!**



**An raibh a fhios agat gur féidir le fionnadh an bhéir dhoinn a bheith dubh nó bánbhuí, chomh maith le donn?**


An raibh a fhios agat go raibh cónaí ar an mbéar donn in Éirinn ar feadh blianta fada? Mhair siad le linn na dtréimhsí ba theo den oighearaois nuair nach raibh oighear agus sneachta ann a thuilleadh. Chuaigh siad in éag in Éirinn ar deireadh thart ar 3,000 bliain ó shin. An t-am sin, bhí ár sinsir ag réiteach ghnáthóg an bhéir chun talamh a fháil don fheirmeoireacht.

# Éire na hOighearaoise
# Iontaisí iontacha!

## An mbíodh Béir ag Seilg Bradán sa tSionainn?



Seo í iontaise blaoisce an bhéir dhoinn Éireannaigh atá in Ard-Mhúsaem na hÉireann - Stair an Dúlra.



**Suíomhanna inar aimsíodh fianaise iontaise ar Bhéar Donn na hOighearaoise in Éirinn.**



Uiliteoir is ea an béar donn, rud a chiallaíonn go n-itheann sé plandaí agus ainmhithe araon. Ceapann eolaithe go mbíodh an béar donn ag iascaireacht bradán in aibhneacha na hÉireann!



Tá DNA faighte ar iarsmaí na mbéar donn Éireannach atá ag teacht le béir sa Spáinn sa lá atá inniu ann. Caithfidh go bhfuil gaol eatarthu!

An raibh a fhios agat gur aimsigh daoine iontaisí an bhéir dhoinn Éireannaigh i mbeagnach 30 áit ar fud na hÉireann! D'aimsigh siad iad i gCo. Chorcaí, Co. Phort Láirge, Co. an Chláir, Co. Laoise, Co. Uíbh Fháilí, Co. Shligigh agus Co. Liatroma. Tá cuid de na hiontaisí 42,000 bliain d'aois!

# Éire na hOighearaoise

# Iontaisí iontacha!

## Tá sé in am roinnt ainmhithe Oighearaoise a thochailt amach!

### Cuardach Focal

H T U Á I U E L S I U E N T S

F G I O R R I A A N A R T A I G H

A R A U É N T R E T A N C E Ú I U P M

U I E O E A L M A M A T L O M R A C H H

E L B L U N I U E L S I U E N T S

D D I C N A T B R B É A R D O N N

E T D H T B E T A N C É I O U P M

L O T Ú U R R H F I A R U A E R T

Á R Q L O E A R T E A M I U P G

T C T I C A P A L L F I Á I N M

L N T A E C E S N T R E T A Ú

É R E T E A A E C E I É U P

N T S H A



MAMAT LOMRACH | FIA RUA | CAPALL FIÁIN | GIORRIA AN ARTAIGH | BÉAR DONN | TORC | HIÉANA BREAC | FAOLCHÚ LIATH

Féach ar an gcuardach focal seo. Cé mhéad ainmhí oighearaoise is féidir leat a fheiceáil? Níl ann ach ceann amháin? Féach arís. Tá seacht n-ainmhí iontaise i bhfolach sna litreacha laistigh den bhéar donn agus is fútsa atá sé iad a thochailt amach! Aimsigh peann luaidhe agus téigh ag cuardach a n-ainmneacha. Nuair a aimseoidh tú ainm amháin, tarraing líne timpeall air agus cuardaigh an chéad cheann eile. Chun tú a chur ar do chosa, tá tochailt déanta againn ar chapall fiáin.

museum
National Museum of Ireland
Ard-Mhúsaem na hÉireann

Natural History